

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

Ainm an táirge: SALVE FAM2_5

Cineál nó cineálacha táirge: PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)

PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)

Uimhir an údaráithe: EU-0028967-0000

Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3: EU-0028967-0022

Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN	1
1.1. Trádainmneacha an táirge	1
1.2. Sealbhóir an údaraithe	1
1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha	1
1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha	1
2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE	2
2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh	2
2.2. Cineál foirmlithe	2
3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM	2
4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE	3
5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE	7
5.1. Treoracha úsáide	7
5.2. Bearta maolaithe riosca	7
5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint	7
5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte	8
5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála	8
6. FAISNÉIS EILE	8

FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. Trádainmneacha an táirge

SALVE FAM2_5 ATOUT-VERT - DDP38

1.2. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	SALVECO S.A.S.
	Seoladh	Avenue Pierre Mendès-France Z.A. Hellieule 4 F 88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0000 1-4	

Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3

EU-0028967-0022
02/10/2023
30/09/2033

Dáta an údaraithe

Dáta éaga an údaraithe

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

Ainm an déantóra	SALVECO S.A.S
Seoladh an déantóra	Avenue Pierre Mendès-France F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Avenue Pierre Mendès-France F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	1322 - Aigéad L-(+)-lactach
Ainm an déantóra	PURAC BIOCHEM BV
Seoladh an déantóra	Gran Vial 19-25 08160 Montmelo An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Gran Vial 19-25 08160 Montmelo An Spáinn
Substaint ghníomhach	1322 - Aigéad L-(+)-lactach
Ainm an déantóra	JUNGBUNZLAUER S.A
Seoladh an déantóra	Z.I Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Z.I Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lactach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	7,83
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		6,75
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		1,32

2.2. Cineál foirmlithe

SL – Tiúchán intuaslagtha

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise

Ráitis réamhchúraim

Ina chúis le greannú craicinn.

Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.

Tá Eocalaptól, Carbhóin agus Líomainéin (cumhrán miontais fuar) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.

Tá Salaicioláit meitile agus Eoigeanól (cumhrán íonta) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.

Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe.

Caith lámhainní cosanta, éadaí cosanta agus cosaint súile.

MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN:Nigh le neart uisce.

MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.

Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Tá cóireáil shonrach (féach ar an teagasc maidir le garchabhair fhorlíontach ar an lipéad seo).

Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

4.1 Tuairisc úsáide

ÚSÁID 1 - Dífhabhtán nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir institiúide agus tionsclaíoch)

An cineál táirge

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe

-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)

Ainm eolaíoch: Baictéir
Gnáthainm: Baictéir
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: Giostaí
Gnáthainm: Giostaí
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: Víris
Gnáthainm: Víris imchlúdaithe
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide

	<p>Faoi dhíon</p> <p>Faoin aer</p> <p>- I limistéar institiúide agus tionsclaíoch</p>
Modh (nó modhanna) úsáide	<p>Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil</p> <p>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:</p> <p>- gan ghníomhaíocht mheicniúil</p>
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: -</p> <p>Airí caolaithe: 0,299%</p> <p>Airí uainithe:</p> <p>Orgánaigh sprice riachtanacha:</p> <ul style="list-style-type: none"> Baictéir agus giostaí: 0,299% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C <p>Orgánaigh sprice eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> Víris imchlúdaithe: 0,299% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C <p>Is é an fíostúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29% i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	<p>Gairmiúil</p>
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>Caidhpeanna athlíonta: 20 - 100 ml HDPE</p> <p>Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET</p> <p>Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE</p> <p>Druma: 10 - 210 lítear HDPE</p> <p>IBC: 1000 lítear HDPE</p>

4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na gnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2 Tuairisc úsáide

ÚSÁID 2 - Díghalráin limistéir bia agus beatha (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir institiúide agus tionsclaíoch)

An cineál táirge

PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe

-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)

Ainm eolaíoch: Baictéir
Gnáthainm: Baictéir
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: Giostaí
Gnáthainm: Giostaí
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide

Faoi dhíon

Faoin aer

- I limistéar institiúide agus tionsclaíoch

Modh (nó modhanna) úsáide

Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil

Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:
- gan ghníomhaíocht mheicniúil

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe

Airí úsáide: -
Airí caolaithe: 0,299%
Airí uainithe:
Orgánaigh sprice riachtanacha:
• Baictéir agus giosta: 0,299% w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20°C

Is é an fíostúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29% i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.

**Catagóir (nó catagóirí)
úsáideoirí**

Gairmiúil

**Méideanna paca agus ábhar
pacáistíochta**

Caidhpeanna athlfonta: 20 - 100 ml HDPE
Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET
Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE
Druma: 10 - 210 lítear HDPE
IBC: 1000 lítear HDPE

4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

5.1. Treoracha úsáide

- Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m² nó 20 ml/m² nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).
- Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiríúla.
- Cuir le fios do shealbhoir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

Tabharfar eolas ar gach aon lipéad táirge maidir leis an gcaoi is ceart an caolú a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlacht an táirge a ráthú. Ós rud é go gcuimsíonn an tiúchan L-(+)-aigéad lachtach réimse ó 7,83 go 31,33% i dtáirgí laistigh den mheat-SPC seo, ní féidir na caoluithe táirge ar fad a lua anseo.

Sampla i gcás táirge a bhfuil 7,83% de L-(+)-aigéad lachtach ann	Caolú an táirge	Am teagmhála
Gníomhaíocht bhaitéarach agus giostaicéadach	0,299% (40 ml den táirge, cuir isteach uisce suas go dtí 1 lítear)	5 nóiméad

Luafaidh sealbhóir an údaraithe ar an lipéad an toirt ábhartha den táirge atá lena caolú le huisce i gcás gach táirge ar leith

5.2. Bearta maolaithe riosca

- Nuair a bheidh tú ag lámhseáil an táirge thiubhaithe (le linn a chaolaithe) caith lámhainní cosanta a bheidh frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán arna n-aicmiú faoi EN 374 nó a choibhéis, spéaclaí cosanta ceimiceacha i gcomhréir le EN 16321 nó a choibhéis agus rabhlaer i gcomhréir le EN 14605 nó a choibhéis. Tá teidil iomlána na gcaighdeán EN le fáil in Alt 6.
- Ábhar a bhaineann le PPE lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge.
- Nigh do lámha tar éis an táirge dlútháin a úsáid.
- Seachain teagmháil le súile.
- Seachain steallta agus doirteadh le linn measctha agus lódála (caolú).
- I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.
- I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngeoith (gluaiseacht).

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.
- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Faisnéis do phearsanra Sláinte nó ar dochtúir: Ba cheart na súile a shruthlaigh arís agus arís eile ar an mbealach go dtí an dochtúir má nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní ar nós aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.
- MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.
- MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

- Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpiopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.
- Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

- Seilfré: 2 bhliain.
- Cosnaítear ón tsioc é.

6. FAISNÉIS EILE

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear in alt 5.2 'Bearta maolaithe riosca':
EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach
EN 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde
EN 14605 – Éadaí cosanta in aghaidh ceimiceán leachtach - Riachtanais feidhmíochta i gcás éadaí a bhfuil naisc leacht-dhíonacha (Cineál 3) nó cáitheadh-dhíonacha (Cineál 4) ag baint leo, ar a n-áirítear míreanna lena dtugtar cosaint do bhaill áirithe den chorp agus dóibhsean amháin (Cineálacha PB [3] agus PB [4])